**Caingean arna tabhairt an 12 Nollaig 2022 – Desimo v EUIPO – Red Bull (EL TORO ROJO)**

**(Cás T-778/22)**

(2023/C 45/34)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Desimo, Lda (Liospóin, an Phortaingéil) (ionadaithe: S. Estima Martins, J. Mioludo agus D. Simões, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Red Bull GmbH (Fuschl am See, an Ostair)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "EL TORO ROJO" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 026 515

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 29 Meán Fómhair 2022 i gCás R 326/2022-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú agus na himeachtaí freasúra Uimh B003089768 a dhíbhe go hiomlán;

— clárú an trádmhairc atá faoi cheist a dheonú maidir leis na hearraí agus na seirbhísí go léir lena mbaineann;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Nollaig 2022 – Transport Werk v EUIPO – Haus & Grund Deutschland (Haus & Grund)**

**(Cás T-779/22)**

(2023/C 45/35)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Transport Werk GmbH (Offenbach am Main, an Ghearmáin) (ionadaí: D. Donath, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Haus & Grund Deutschland Zentralverband der Deutschen Haus-, Wohnungs- und Grundeigentümer e.V. (Beirlín, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Trádmharc an Aontais Eorpaigh Haus & Grund – Trádmharc an Aontais Eorpaigh Uimh. 7 161 052

*Imeachtaí os comhair EUIPO*: Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 26 Deireadh Fómhair 2022 i gCás R 84/2022-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO trádmharc an Aontais Eorpaigh Uimh. 7 161 052 “Haus & Grund” a chealú ó chlár trádmharcanna an Aontais Eorpaigh le haghaidh gach earra agus seirbhíse in Aicmí 9, 16, 35, 36, 38, 42, 45, eadhon:

Aicme 9: meáin stórála sonraí; bogearraí ríomhaire le haghaidh foirgnimh, saoráidí agus bunaíochtaí a fháil, a dhiúscairt, a riaradh, a léasú, a thógáil agus a bhainistiú;

Aicme 16: Ábhar priontáilte;

Aicme 35: Fógraíocht; bainistíocht ghnó; riarachán gnó; comhairliúchán gnó; feidhmeanna oifige; taighde a dhéanamh ar an nuacht, nuacht a bhailiú agus achoimriú córasach a dhéanamh ar an nuacht, lena n-áirítear breithiúnais agus breitheanna breithiúnacha agus aon chineál rialacháin;

Aicme 36: Cúrsaí eastáit réadaigh; tuairimí comhairleacha i réimse an árachais; cúrsaí airgeadais, cúrsaí eastáit réadaigh agus cúrsaí airgeadaíochta;

Aicme 38: Seirbhísí nuachta, lena n-áirítear breithiúnais agus breitheanna breithiúnacha agus aon chineál rialacháin;

Aicme 42: Tuairimí comhairleacha teicniúla; comhairliúchán teicniúil; bogearraí ríomhaire a chruthú le haghaidh foirgnimh, saoráidí agus bunaíochtaí a fháil, a dhiúscairt, a riaradh, a léasú, a thógáil agus a bhainistiú; bogearraí ríomhaire a chruthú chun barrfheabhsú a dhéanamh ar oibriú, ar fheidhmíocht eacnamaíoch, ar úsáid, ar mhargaíocht agus coinneáil luacha eastáit réadaigh agus bunaíochtaí.

Aicme 45: Seirbhísí dlí;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 59(1)(a), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(c), de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 59(1)(a), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(1)(b), de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.